

CUSTOMER ACTION PLAN

PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA CUSTAIMÉIRÍ



OPW

The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

Our Mission Statement

To deliver, in support of Government policies, high quality customer services in property, flood risk management, general procurement and heritage in the most sustainable, efficient, and economic way possible.

Ráiteas Misin

Seirbhísí do chustaiméirí ar ardchaighdeán maidir le maoin, bainistíocht riosca tuile, soláthar ginearálta agus oidhreacht a sheachadadh, mar thaca le beartais an Rialtais, sa tslí is inbhuanaithe, is éifeachtúla, is eacnamúla agus is indéanta

Table of Contents

PART 1: THE OFFICE OF PUBLIC WORKS (OPW) – ABOUT US	1
PART II: IMPLEMENTING THE 12 PRINCIPLES OF QUALITY CUSTOMER SERVICE	3
1. Quality Service Standards	3
2. Equality/Diversity	4
3. Physical Access	5
4. Information	6
5. Timeliness and Courtesy	7
6. Complaints	8
7. Appeals	9
8. Consultation and Evaluation	10
9. Choice	11
10. Official Languages Equality	11
11. Better Co-ordination	12
12. Internal Customer	13
PART III: WHAT'S NEXT?	15
Focal Points of Activity within OPW	15
Our Principal Commitments to our Customers	16
Appendix 1	18
OPW Contact Details	
Appendix 1.1	30
OPW Customer Service Officers	
Appendix 1.2	32
Quality Customer Service Working Group	
Appendix 1.3	34
Commissioners of Public Works, Management Advisory Committee & Senior Management Structure of the OPW	
Appendix 2	36
12 Principles of Quality Customer Service	
Appendix 3	38
Service Standards Our Customer Can Expect	
Appendix 4	40
Customer Charter	

Clár Ábhair

CUID I: OIFIG NA n-OIBREACHA POIBLÍ (OOP) – FÚINNE	1
CUID II: FEIDHMIÚ AN 12 PRIONSABAL DE SHEIRBHÍS ARDCHAIGHDEÁIN DO CHUSTAIMÉIRÍ	3
1. Caighdeán do Sheirbhís ar Ardchaighdeán	3
2. Comhionannas/Éagsúlacht	4
3. Rochtain Fhisiceach	5
4. Eolas	6
5. Tráthúlacht agus Cúirtéis	7
6. Gearáin	8
7. Achomhairc	9
8. Comhchomhairle agus Meastóireacht	10
9. Rogha	11
10. Comhionannas do Theangacha Oifigiúla	11
11. Comhordú Feabhsaithe	12
12. Custaiméir Inmheánach	13
CUID III: CAD TÁ ROMHAINN ANOIS?	15
Pointí Fócasacha Gnómháochta taobh istigh den OOP	15
Ár bPríomh-Ghealltanais dár gCustaiméirí	16
Aguisín 1	19
Sonraí Teagmhála OOP	
Aguisín 1.1	31
Oifigigh Sheirbhíse do Chustaiméirí	
Aguisín 1.2	33
An Meitheal um Ardchaighdeán Seirbhíse do Chustaiméirí	
Aguisín 1.3	35
Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí, Coiste Comhairleach Bainistíochta & Struchtúr Ard bhainistíochta OOP	
Aguisín 2	37
12 Prionsabail um Ardchaighdeán Seirbhíse do Chustaiméirí	
Aguisín 3	39
Caighdeán Seirbhíse ar Féidir lenár gCustaiméirí bheith ag súil leo	
Aguisín 4	41
Cairt an Chustaiméara	

The Office Of Public Works (OPW) – About Us

Oifig Na n-Oibreacha Poiblí (OOP) – Fúinne

Mission

The Mission of the OPW, as set out in our Statement of Strategy is:

“To deliver, in support of Government policies, high quality customer services in property, flood risk management, general procurement and heritage in the most sustainable, efficient, and economic way possible.”

The OPW is first and foremost a service organisation. It's ethos is client focus, timely delivery and value for money in a sustainable manner.

Customers

As it is a service organisation the OPW has a strong customer focus and as a result the majority of its staff are employed in operational and front line areas responding to customer needs. Our customers are Government, other Departments, Offices and Agencies and, ultimately, the public.

Services

Our core services are property maintenance, property management, architectural services, flood risk management, engineering services, heritage services, project management and procurement services. We also deliver a facilities and building management service, an art management service and conference and event management.

Business Units

The operations of the OPW are carried out by eight Business Units:

- Project Management Services
- Property Maintenance Services
- Property Management Services
- Architectural Services
- Flood Risk Management
- Engineering Services
- National Procurement Services
- Heritage Services

The Business Units are supported centrally by the Corporate Services Division. Corporate Services include elements such as Human Resource Management, Financial Services, ICT Services and other supports necessary for the day to day operations of the Office.

Misean

Is é Misean OOP, mar atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise ná:

“Seirbhísí do chustaiméirí ar ardchaighdeán maidir le maoin, bainistíocht riosca tuile, soláthar ginearálta agus oidhreacht a sheachadadh, mar thaca le beartais an Rialtais, sa tslí is inbhuanaithe, is éifeachtúla, is eacnamúla agus is indéanta.”

Eagraíocht seirbhíse í OOP sa chéad dul síos. Tá fócas ar chliaint, seachadadh tráthúil agus luach ar airgead ar bhealach inbhuanaithe mar éiteas aige.

Custaiméirí

Toisc gur eagraíocht seirbhíse é OOP tá sí dírithe go mór ar a chuid custaiméirí agus dá bharr tá formhór na foirne fostaithe i réimsí gníomhaíochta agus cumarsáide duine le duine chun freastal ar riachtanais na gcustaiméirí. Is iad ár gcustaiméirí an Rialtas, Ranna eile, Oifigí agus Gníomhaireachtaí agus, ag deireadh tháir, an pobal.

Seirbhísí

Is iad ár seirbhísí lárnacha ná cothabháil maoin, bainistíocht maoin, seirbhísí ailtireachta, bainistíocht riosca tuilte, seirbhísí innealtóireachta, seirbhísí oidhreachta, bainistíocht tionscadal agus seirbhísí soláthair. Cuirimid ar fáil chomh maith seirbhís bhainistíocht tógála, seirbhís bhainistíocht ealaíne agus bainistíocht saoráidí agus imeachtaí.

Aonaid Ghnó

Ocht nAonad Ghnó a fheidhmíonn oibríochtaí OOP:

- Seirbhísí Bhainistíocht Tionscadal
- Seirbhísí Choathabháil Maoine
- Seirbhísí Bhainistíocht Maoine
- Seirbhísí Ailtireachta
- Bainistíocht Riosca Tuilte
- Seirbhísí Innealtóireachta
- Seirbhísí Soláthair Náisiúnta
- Seirbhísí Oidhreachta

Faigheann na hAonaid Ghnó tacaíocht lárnach ón Roinn Sheirbhísí Corparáideacha. Áirítear mar Sheirbhísí Corparáideacha gnéithe mar Bhainistíocht Acmhainní Daonna, Seirbhísí Airgeadais, Seirbhísí TFC agus tacaíocht de chineálacha eile atá riachtanach d'oibríochtaí na hOifige ó lá go chéile.

Contacting the OPW

The OPW's Headquarters has relocated to Trim in Co. Meath as part of the Government's decentralisation plan. We also have offices and sites located right across the country.

All contact details for the OPW are located at **Appendix 1**.

Dul i dteagmháil le OOP

Tá Ceannáras OOP athlonnaithe in mBaile Átha Troim, Co. na Mí mar chuid de phlean díláraithe an Rialtais. Thairis sin, tá oifigí agus láithreacha againn atá suite ar fud na tíre.

Tá fáil ar na sonraí teagmhála uile d'OOP in **Aguisín 1**.

Implementing the 12 principles of quality customer service

Feidhmiú an 12 prionsabal de sheirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí

A key objective of the Modernisation Programme of the Irish Public Service is the achievement of an excellent service for customers at all levels. Twelve quality customer service principles outlined in **Appendix 2**, set out in broad terms, the level of commitment to customer service that should be aspired to. The commitments that this Office endeavours to achieve, to progress the implementation of these principles, are outlined below. Queries relating to the implementation of our Customer Action Plan and Customer Charter should be addressed to:

Úna Ní Fhaircheallaigh
Policy Unit
OPW
Jonathan Swift Street
Trim
Co. Meath

Tel: 046 942 6082
eMail: una.nifhaircheallaigh@opw.ie

or:

Cathriona Cooney
Policy Unit
OPW
Jonathan Swift Street
Trim
Co. Meath

Tel: 046 942 6028
eMail: cathriona.cooney@opw.ie

1. Quality Service Standards

A key part of the delivery of a Quality Customer Service relates to the way in which staff at this office interact with their customers. We place great emphasis in our action plan on the timeliness and manner of our response to customers either on the telephone, in writing or face to face.

The standards our customers can expect in these areas are set out in **Appendix 3**.

We have in tandem with this Action Plan, published a Customer Charter. The Customer Charter is a short statement describing the levels of service a customer can expect from this Office. It is an easy-to-read document in the form of a leaflet and complements

Ceann d'eochair-spríocanna Chlár Nuachóirithe na Seirbhíse Poiblí Éireannaí is ea baint amach sár-sheirbhís do chustaiméirí ar gach leibhéal. Leagtar amach sa dá phrionsabal déag seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí, atá le fáil in **Aguisín 2**, an leibhéal tiomantais do sheirbhís chustaiméara ar chóir díriú air. Tá an tiomantas, atá an Oifig seo ag iarraidh a bhaint amach, chun an prionsabail úd a chur chun cinn, leagtha amach thíos. Ba chóir ceisteanna maidir le cur i bhfeidhm ár bPlean Gníomhaíochta Custaiméirí agus/nó ár gCairt Chustaiméirí a sheoladh chuig:

Úna Ní Fhaircheallaigh
Aonad na mBeartais
OOP
Sráid Jonathan Swift
Baile Átha Troim
Co. na Mí

Fón: 046 942 6082
rPhoist: una.nifhaircheallaigh@opw.ie

Cathriona Cooney
Aonad na mBeartais
OOP
Sráid Jonathan Swift
Baile Átha Troim
Co. na Mí

Fón: 046 942 6028
rPhoist: cathriona.cooney@opw.ie

1. Caighdeáin do Sheirbhís ar Ardchaighdeán

Cuid lárnach de Sheirbhís Archchaighdeáin a sheachadadh is ea an tslí ina bpléann foireann na hoifige seo lena gcustaiméirí. Leagaimid an-bhéim inár ngníomhphlean ar thráthúlacht agus ar an mbealach ina dtugtar freagra ar ár gcustaiméirí ar an teileafón, i scríbhinn nó aghaidh ar aghaidh.

Tá na caighdeáin, ar féidir lenár gcustaiméirí bheith ag súil leo sna réimsí seo, leagtha amach in **Aguisín 3**.

Taobh leis an bPlean Gníomhaíochta seo d'fhoilsíomar Cairt an Chustaiméara. Ráiteas gairid í an Chairt an Chustaiméara ina leagtar amach na leibhéalacha seirbhíse ar féidir le custaiméirí bheith ag súil leo ón Oifig seo. Doiciméad soléite í i bhfoirm bileoige agus comhlánaíonn sí an Plean Gníomhaíochta. Beidh fail ar

the Action Plan. The Customer Charter will be made available at reception areas in our Public Offices and on the OPW website www.opw.ie.

A copy of our Customer Charter is reproduced at **Appendix 4**.

The OPW has achieved ISO accreditation for its main business processes. ISO provides an independent assurance that the service provided by the OPW to its customers conforms to a high agreed standard. The accreditation is independently certified and the business areas are audited annually to ensure that standards are maintained.

ISO accreditation presents a challenge to all business units to maintain and enhance quality of service and product which are top priorities of the OPW. In addition, it provides a tool for the OPW to utilise for systematic continuous improvement in all aspects of its operations.

2. Equality/Diversity

We are committed to treating all our customers equally, while ensuring equality of opportunity, access and outcome under the nine grounds of gender, marital status, family status, age, disability, race, sexual orientation, membership of the Traveller Community and religious belief.

We have

- Fully supported the social inclusion of people with disabilities under the Disability Act 2005;
- Established an Equality Unit within the OPW. The Unit concentrates specifically on the full range of equality issues and proactively promotes awareness and best practice across the OPW;
- Provided Training, Information Seminars and Conferences on Equality issues within the OPW and included Equality Awareness on the agenda for the OPW Induction Training Programmes;
- Appointed a Disability Liaison Officer (DLO) within the OPW's Equality Unit (Appendix 1).
- Participated in the Willing Able Mentoring (WAM) Programme – which is a Programme to assist graduates with disabilities in sourcing meaningful employment.
- Prepared a Dignity at Work and In House Policy on bullying and harassment. Staff have volunteered,

an gCairt an Chustaiméara ag na hionaid fháilte inár nOifigí Poiblí agus ar shuíomh gréasain OOP, www.OPW.ie.

Tá macasamhail de chóip dár gCairt Chustaiméara in **Aguisín 4**.

Tá creidiúnú an ISO bainte amach dá phríomh-phróisis ghnó. Tugann an ISO dearbhú neamhspleách go bhfuil an tseirbhís a thugann OOP dá chustaiméirí ag teacht le hardchaighdeán réamhaontaithe. Dearbhaítear an creidiúnú go neamhspleách agus déantar iniúchadh bliantúil ar na réimsí gnó le cinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na caighdeáin.

Soláthraíonn creidiúnú an ISO dúshlán do gach aonad gnó caighdeán na seirbhíse agus an táirge a choinneáil agus a fheabhsú. Príomhthosaíochtaí an OOP iad seo. De bhreis air sin, cuireann sé uirlis ar fáil d'OOP chun gach gné dá oibríochtaí a fheabhsú go sistéamach.

2. Comhionannas/Éagsúlacht

Táimid tiomnaithe chun plé lenár gcustaiméirí uile go cothrom agus, ag an am céanna, cothromas deiseanna, rochtana agus toraidh a chinntiú faoi naoi mbunanna – inscne, stádas pósta, stádas teaghligh, aois, míchumas, cine, claonadh gnéasach, bheith mar dhuine den Lucht Siúil agus creideamh reiligiúnda.

Táimid i ndiaidh

- Tacú go hiomlán le cuimsiú sóisialta do dhaoine le míchumas faoin Acht um Míchumas 2005;
- Aonad Comhionannais a bhunú taobh istigh d'OOP. Dírionn an tAonad go sonrach ar an raon iomlán de cheisteanna comhionannais agus bíonn sé gníomhach i gcothú tuisceana agus dea-cheachtadh thar OOP.
- Oiliúint, Seimineáir agus Comhdhálacha Eolais ar cheisteanna Comhionannais taobh istigh d'OOP a chur ar fáil agus Tuiscint ar Chomhionannas a chur ar an gclár do Chláir Oiliúint Insealbhaithe OOP;
- Oifigeach Idirchaidreamh Míchumais [OIM] a cheapadh taobh istigh d'Aonad Comhionannais OOP (Aguisín 1).
- Páirt a ghlacadh i gClár Willing Able Mentoring (WAM) – ar chlár é chun cuidiú le céimithe, a bhfuil míchumas orthu, chun fostaíocht bhríoch a aimsiú.
- Polasaí Dínite san Ionad Oibre agus Inmheánach a ullmhú faoi bhulaíocht is faoi chiapadh. Chuir

and been trained, for the role of contact person under Positive Working which is a key part of the anti bullying and harassment policy.

comhaltaí den fhoireann iad féin ar fáil agus oileadh iad faoi Obair Dhearfach, ar eochair-ghné é den pholasaí in éadan bulaíochta is ciaptha.

We will

- Continue to ensure that no-one is discriminated against by virtue of their membership of any of the groups covered by the nine categories;
- Continue to make appropriate provision for diversity of needs and circumstances. Our policies and services will be designed to ensure that the rights established by equality legislation and the Disability Act are fully respected;
- Work towards fully implementing the “Code of Practice” for the employment of people with a disability in the Irish Civil Service published by the Equality Unit, Department of Finance;
- Continue to ensure that our staff with special needs are fully catered for;
- Monitor on an on-going basis the effectiveness of our services in dealing with equality, diversity and disability issues.

Rudaí a dhéanfaimid:

- Leanfaimid de bheith ag cinntiú nach ndéanfar leithcheal ar aon duine toisc é a bheith in aon cheann de na grúpaí atá cuimsithe faoin naoi gcatagóir;
- Leanfaimid de bheith ag déanamh soláthair mar is cuí d'éagsúlacht riachtanas agus toisca. Pleanálfar ár bpolasaithe is ár seirbhísí le bheith cinnte go n-aithneofar go hiomlán na cearta úd atá sonraithe faoi reachtaíocht is faoi Acht Míchumais.
- Féachfaimid leis an “gCód Cleachtais”, faoi fhostú daoine míchumasacha i Státseirbhís na hÉireann, a d'fhoilsigh Aonad Comhionannais na Roinne Airgeadais, a chur i bhfeidhm go hiomlán;
- Leanfaimid de bheith ag cinntiú go bhfreastalaítear go hiomlán ar ár mbaill foirne atá faoi riachtanais speisialta;
- Déanfaimid monatóireacht ar bhonn leanúnach ar éifeacht ár seirbhísí chun déileáil le comhionannas, éagsúlacht agus ceisteanna míchumais.

3. Physical Access

OPW is responsible, through its involvement in the Universal Access Programme, for ensuring that the principle of equality of access for all customers of the Civil Service is given practical effect by projects to provide such access at all Government Offices. Under section 26(2) of the Disability Act 2005, the role of Access Officer was established within the OPW's Equality Unit. The Access Officer's responsibilities include providing, arranging for, and coordinating, assistance and guidance, to persons with disabilities accessing services provided by this Office.

A one day OPW Heritage Disability Equality Training Programme is being implemented for Managers at our Heritage sites. The Programme's objectives include giving Managers a better understanding of the key concepts of disability, equality and diversity and of the requirements of the disability legislation. Managers will acquire skills to overcome barriers and promote accessibility through inclusion and equality for all.

3. Rochtain Fhisiceach

Trí bheith rannpháirteach sa Chlár Uilíoch Rochtana, tá an OOP freagrach as deimhin a dhéanamh de go mbíonn feidhm le prionsabal chomhionannas rochtana i gcás custaiméirí uile na Státseirbhíse trí dul i mbun tionscadal chun rochtain ar Oifigí uile an Rialtais a chinntiú. Faoi alt 26(2) den Acht Míchumais 2005, bunaíodh ról an Oifigigh Rochtana taobh istigh d'Aonad Comhionannais an OOP. I measc freagrachtaí an Oifigigh Rochtana tá cúnaimh agus treoir a sholáthar, a shocrú agus a chomhordú do dhaoine faoi mhíchumas atá ag iarraidh teacht ar sheirbhísí a sholáthraíonn an Oifig.

Tá Clár Oiliúna Oidhreachta Aon Lae faoi Chomhionannas Míchumais á chur i bhfeidhm ag an OOP do Bhainisteoirí ag ár n-ionaid Oidhreachta. Áirítear i measc aidhmeanna an Chláir tuiscint níos fearr a thabhairt do Bhainisteoirí ar na coincheapa lárnacha a ghabhann le míchumas, comhionannas agus éagsúlacht, agus ar riachtanais na reachtaíochta faoi mhíchumas. Gheobhaidh Bainisteoirí scileanna chun constaicí a sháru agus inrochtaineacht a chur chun cinn trí chuimsitheacht agus chomhionannas do chách.

We will

- Continue to work towards the implementation of section 25 of the Disability Act 2005, whereby all areas of our Public Offices that need to be accessed by the public, are fully accessible by 2015;
- Ensure that any new buildings or premises will be designed and built to meet best practice in Universal design. We will, on a progressive basis, deal with older buildings and premises to ensure that they are also rendered accessible.
- Provide for improved access to protected structures and Heritage sites where possible, without compromising the integrity of the structure or site.

4. Information

We are committed to providing our customers with clear, accurate, comprehensive and up-to-date information on our policies, schemes and services. We will ensure that this information is available at all points of contact, and where possible, to make it available in formats which meet the requirements of customers with special needs and customers with a disability. In providing information to our customers we are also wholly committed to fulfilling our obligations under the Official Languages Act 2003.

The Freedom of Information Act 1997 and the Freedom of Information (Amendment) Act 2003 confer a number of legal rights on the general public to seek access to information. Should you wish to request information under the Freedom of Information Acts, you should contact our Freedom of Information Officer (Appendix 1), stating clearly that you are requesting information under the Acts.

We will:

- Endeavour to ensure that customers have access to information on our services without having to rely on the Freedom of Information Acts;
- Make every effort to deal outside the scope of the Acts in regard to simple requests made;
- Treat all requests impartially and equally, within the spirit and letter of the Acts;
- Ensure that any requests received and formally dealt with under the Acts are processed by us within the statutory 28 day deadline;

Rudaí a dhéanfaimid:

- Leanfaimid de bheith ag saothrú le halt 25 den Acht Míchumais 2005 a chur i bhfeidhm, i dtreo is go mbeidh gach áit inár n-Oifigí Poiblí ar gá don phobal dul isteach iontu, so aimsithe faoi 2015;
- Cinnteoidimid go ndearfar agus go dtógfar aon fhoirgneamh nó áitreabh nua ar dhóigh a bheidh ag teacht le dea-chleachtas i ndearadh Uilíoch. Pléifimid le sean-foirgnimh, ar bhealach forchéimnithe, le cinntiú go ndéanfar iadsan so-aimsithe chomh maith.
- Féachfaimid le rochtain níos fearr a chur ar fáil do struchtúir faoi chosaint agus d'ionaid Oidhreacht, gan bhaint de shláine an struchtúir nó an ionaid.

4. Eolas

Táimid tiomnaithe d'eolas soiléir, cruinn, cuimsitheach agus suas-chun-dáta a sholáthar d'ár gcustaiméirí faoinár bpolasaithe, ár scéimeanna agus ár seirbhísí. Cinnteoidimid go mbeidh fáil ar an eolas seo ag gach pointe teagmhála, agus nuair is féidir, i riocht a fhreastalóidh ar riachtanais ár gcustaiméirí faoi riachtanais speisialta agus ár gcustaiméirí faoi mhícumas. Agus eolas á sholáthar againn d'ár gcustaiméirí táimid tiomnaithe go hiomlán do chomhlíonadh ár ndualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Bronnann an tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997 agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003 roinnt cearta dlíthiúla ar an bpobal i gcoitinne chun teacht ar eolas. Más mian leat-eolas a iarraidh faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise ba chóir duit dul i dteagmháil lenár nOifigeach um Shaoráil Faisnéise (Aguisín 1) agus a rá leis go soiléir go bhfuil tú ag iarraidh eolais faoi na hAchtanna.

Rudaí a dhéanfaimid:

- Féachfaimid le cinntiú go mbeidh teacht ag ár gcustaiméirí ar eolas faoinár seirbhísí gan aon ghá dóibh dul i muinín na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise;
- Déanfaimid gach dícheall déileáil le hiarratais shimplí a dhéanfar taobh amuigh de scóip na nAchtanna;
- Déileálfaimid le gach iarratas go neamhchlaonta agus go cothrom taobh istigh de spiorad agus litir na nAchtanna;

Implementing the 12 principles of quality customer service Feidhmiú an 12 prionsabal de sheirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí

- Try to ensure that all customers with whom we deal, have a clear understanding of their rights and obligations in regard to Freedom of Information in all their dealings with us.

The OPW website represents a substantial informational resource to customers, both internal and external.

We will:

- Complete the re-presentation of the OPW family of websites;
- Ensure that the websites conform to best standards for design, ease of use and practicality;
- Ensure that the information presented is relevant, accurate and up to date;
- Provide where appropriate and feasible, links from our websites to other relevant sources of information on the Internet;
- Maintain a contact point for users of the websites;
- Where possible, make information available in a variety of formats to suit user needs;
- Provide up to date press releases and publications for download;
- Provide facilities for queries comments and complaints;
- Ensure that static information on our websites is provided in English and Irish as websites are redesigned.

5. Timeliness and Courtesy

This Office is committed to delivering a quality service to all its customers by ensuring that they are dealt with in a timely fashion and treated with courtesy and sensitivity. The way in which we interact with our customers is the cornerstone of our customer service policy. Our Customer Charter sets out the standards of service that our customers can expect.

We will:

- Adhere to the key service standards set out in our Customer Charter;
- Deal with all enquiries promptly and efficiently and in a manner which is appropriate to the business environment;

- Cinnteoidimid go bpróiseálfar aon iarratais a fhaighimid, agus a bpléifear leis go foirmiúil faoi na hAchtanna, taobh istigh den teorainn ama 28 lá atá leagtha amach go reachtúil;
- Déanfaimid gach dícheall a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ar a gcearta is a ndualgais maidir le Saoráil Faisnéise ag na custaiméirí go léir in aon phlé a bhíonn acu linn.

Is acmhainn shubstaintiúil eolais do chustaiméirí, idir inmheánach is sheachtrach, iad suíomhanna gréasán an OOP.

Rudaí a dhéanfaimid:

- Ath-chur i láthair fhine shuíomh geasáin OOP a chríochnú;
- Cinnteoidimid go mbeidh na suíomhanna gréasán ag teacht leis na caighdeán is fearr deartha, éascaíocht úsáide agus praiticiúlachta;
- Cinnteoidimid go mbeidh an t-eolas a chuirfear ar fáil bainteach le hábhar, cruinn agus suas chun-dáta;
- Soláthróimid naisc le foinsí ábhartha eile eolais ar an Idirlíon ar ár suíomhanna gréasán, de réir mar is cuí agus is indéanta;
- Pointe teagmhála a choinneáil d'úsáideoirí na suíomhanna ghréasán;
- Cuirfimid ar fáil, nuair is féidir, eolas i raon formáidí, chun freastal ar riachtanais an lucht úsáide;
- Soláthróimid preaseisiúintí suas-chun-dáta agus foilseacháin ar féidir a íoslódáil;
- Soláthróimid áiseanna d'fhiosrúcháin, do bharúlacha agus do ghearáin;
- Cinnteoidimid go gcuirfear eolas seasta ar fáil ar ár suíomhanna gréasán i mBéarla is i nGaeilge nuair a ath-dhearfar na suíomhanna gréasán.

5. Tráthúlacht agus Cúirtéis

Tá an Oifig tiomnaithe do sheirbhís ardchaighdeán a chur ar fáil d'ár gcustaiméirí uile trína chinntiú go ndéileálfar leo ar bhealach tráthúil agus go gcaithfear leo le cúirtéis agus le híogaireacht. Tá an tslí ina bpléimid lenár gcustaiméirí ina bhunchloch ag ár bpolasaí seirbhíse do chustaiméirí. Leagtar amach inár gCairt do Chustaiméirí an caighdeán seirbhíse ar féidir lenár gcustaiméirí bheith ag súil leis.

- Provide full contact details on all written communications in order to eliminate contact delays
- Ensure that our staff give their full name and section when answering telephone calls;
- Deal with our customers in a respectful and sensitive manner;
- Provide a Customer Service module in our Induction Courses.

6. Complaints

While we make every effort to deliver our services in a way that renders complaints unnecessary, we accept that promised standards of service may not always be met and that mistakes can sometimes be made. We will maintain a transparent and easy to use system of dealing with formal complaints about the quality of services provided.

1. Should you wish to make a complaint about the service provided to you, you should, in the first instance, make contact with the Customer Service Officer for the particular Business Unit you are dealing with. **(Appendix 1.1)**

If your complaint is in relation to service delivery at Heritage sites, it can be made to the Guide or the Guide Supervisor on the site in question (Appendix 1). Where no guide service is available or if the complaint relates to another aspect of services offered by the Heritage Service, then the complaint should be made directly to the Customer Service Officer responsible for that area.

It will be a function of the Customer Service Officer to deal with the complaint and to present solutions for the resolution to any problems that arise between the service provider (OPW) and the Customer.

2. If a complaint still exists following step 1, the matter should be referred to the relevant Senior Manager. **(Appendix 1.3)**

We will:

- Undertake to deal with all complaints fairly and objectively in accordance with the facts of the case;
- Closely monitor the number and nature of

Rudaí a dhéanfaimid:

- Cloífidimid leis na bunchaighdeán seirbhíse atá leagtha amach inár gCairt do Chustaiméirí.
- Déileálfaimid go tráthúil agus go héifeachtach le gach fiosrúchán agus ar shlí a bheidh ag teacht leis an timpeallacht ghnó;
- Soláthróimid sonraí iomlán teagmhála ar gach teachtaireacht scríofa le go seachnófaí aon mhoill teagmhála;
- Cinnteoidimid go dtabharfaidh gach ball foirne a ainm ina iomláine maille lena rannóg agus é ag freagairt an teileafóin;
- Déileálfaimid lenár gcustaiméirí ar dhóigh íogaireach agus ómósach;
- Soláthróimid modúl ar Sheirbhís do Chustaiméirí inár gCúrsaí Insealbhairthe.

6. Gearáin

Cé go ndéanaimid gach dícheall ár seirbhísí a sheachadadh ar shlí a fhágann nach mbíonn aon chúis ghearán ann, aithnímid go dtarlaíonn sé ó am go chéile nach sroichtear na caighdeáin chuí seirbhíse agus gur féidir botúin a dhéanamh. Tá córas follasach agus éasca againn chun déileáil le gearáin fhoirmiúla faoi chaighdeán na seirbhíse a sholátháitear.

1. Má theastaíonn uait gearán a dhéanamh faoi chaighdeán na seirbhíse a cuireadh ar fáil duit, ba chóir duit, sa chéad dul síos, dul i dteagmháil leis an Oifigeach Seirbhíse do Chustaiméirí san Aonad Gnó lena bhfuil tú ag plé. **(Aguisín 1.1)**

Má bhaineann do ghearán le seachadadh seirbhíse ag ionaid Oidhreachta, is féidir é a dhéanamh leis an Treoraí nó leis an Maor Treorach ag an suíomh atá i gceist (Aguisín 1). Mura bhfuil seirbhís treorach ar fáil nó má bhaineann an gearán le gné eile de na seirbhísí a chuireann an tSeirbhís Oidhreachta ar fáil, ba chóir an gearán a dhéanamh leis an Oifigeach Seirbhíse do Chustaiméirí atá freagrach as an gceantar úd.

Beidh sé mar fheidhm ag an Oifigeach Seirbhíse do Chustaiméirí déileáil leis an ngearán agus réiteach a mholadh ar aon fhadhbanna a éiríonn idir an soláthraí seirbhíse (OOP) agus an Custaiméir.

complaints received and will use this information in effecting any necessary improvements to the quality of our services and decision-making;

- Give wide publicity to the complaints/appeals procedure through our website www.opw.ie.

7. Appeals

In the event that the complaint cannot be adequately dealt with following the complaints procedures set out above, complainants have recourse to the Ombudsman appeals procedure.

The Ombudsman has statutory authority to examine a complaint in relation to a decision of a public body where a complainant has taken reasonable steps to seek redress from the public body and has failed to obtain it.

The Ombudsman
18 Lower Leeson Street, Dublin 2

Tel: (01) 639 5600 (LoCall: 1890 22 30 30 *)
Fax: (01) 639 5674
E-mail: ombudsman@ombudsman.gov.ie
Web: www.ombudsman.gov.ie

We will:

- Undertake to deal with all appeals fairly and objectively in accordance with the facts of the case;
- Ensure full co-operation with the appeals procedure and provide prompt, accurate and complete information to the Ombudsman's Office as required.

2. Má tá ábhar gearáin fós ann tar éis céim 1 a ghlacadh ba chóir an cheist a chur faoi bhráid an Bhainisteora Shinsearaigh chuí (**Aguisín 1.3**)

Rudaí a dhéanfaimid:

- Geallfaimid go bpléifimid le gach gearán go cothrom agus go fuarchúiseach ar shlí a bheidh ag teacht le fíricí an cháis;
- Déanfaimid monatóireacht ghéar ar líon is ar nádúr na ngearán a fhaighimid agus úsáidfimid an t-eolas seo chun aon leasú riachtanach a dhéanamh ar chaighdeán ár seirbhísí agus is ár gcinnteoireacht;
- Déanfaimid an próiseas gearáin/achomhairc a phoibliú go forleathan ar ár suíomh gréasáin www.opw.ie.

7. Achomhairc

Sa chás nach féidir déileáil go hoiriúnach leis an ngearán tríd an bpróiseas gearáin atá leagtha amach thuas, is féidir le gearánaithe dul i muinín chóras achomhairc an Ombudsmain.

Tá údarás reachtúil ag an Ombudsman gearán faoi chinneadh atá glactha ag comhlacht poiblí a scrúdú sa chás go bhfuil céimeanna réasúnta glactha ag an ngearánaí chun sásamh a fháil ón gcomhlacht poiblí ach go bhfuil teipthe air é a fháil.

An tOmbudsman
18 Sráid Líosain Íoch., Baile Átha Cliath 2.

Teil: (01) 639 5600 (Íosghlao: 1890 22 30 30 *)
Facs: (01) 639 5674
R-phost: ombudsman@ombudsman.gov.ie
Suíomh Gréasáin: www.ombudsman.gov.ie

Rudaí a dhéanfaimid:

- Geallfaimid go bpléifimid le gach achomharc go cothrom agus go fuarchúiseach ar shlí a bheidh ag teacht le fíricí an cháis;
- Dearbhóimid comhoibriú iomlán leis an bpróiseas achomhairc agus soláthróimid eolas cruinn agus iomlán go tapa d'Oifig an Ombudsmain de réir mar a éilítear é.

* Be advised that charges from mobile phones to LoCall numbers may vary

* Tabhair faoi deara gur féidir praghsanna éagsúla a bheith ar ghlaonna ó fhóin phóca ar uimhreacha Lo Call

8. Consultation and Evaluation

The OPW has achieved ISO accreditation for each of its main business processes. These include: Project Management Services, Architectural Services, Flood Risk Management Services, Engineering Services, Property Management Services and Procurement Services.

Among the features of the systems now in place in the OPW, which have assisted us in achieving ISO accreditation, is an aim to provide ultimate customer satisfaction through the receipt of an enhanced standard of service that is on time, within budget and quality monitored. Systematic customer feedback at regular intervals during the lifetime of projects or provisions of services, forms an integral part of these systems.

We have and will continue to :

- Seek formal client feedback on completion of all architectural projects and use the information gained to assist with improving client services in that area;
- Hold quarterly meetings with property maintenance clients to formally review the work programmes which are being carried out. Carry out informal surveys at regional level on an on-going basis;
- Hold regular structured client feedback meetings with client Departments to discuss progress on work and to identify emerging priorities and seek formal client feedback on completion of all projects. This feedback is used to improve client services in the future;
- Carry out customer surveys at heritage sites around the country as an aid to planning and improving future service delivery at those sites;
- Ensure that Engineering Services continue to carry out landowner surveys to determine levels of satisfaction in that area of service;
- Be monitored on an annual basis to ensure that the standards expected from the services provided by this Office, are reached and maintained;
- Carry out internal surveys to determine the level of satisfaction of our internal customer with the support service we provide.

8. Comhchomhairle agus Meastóireacht

Tá creidiúnú ón ISO bainte amach ag OOP do gach ceann dá príomh-phróiseas gnó. Orthusan tá: Seirbhís Bhainistíocht Tionscadal, Seirbhísí Ailtireachta, Seirbhísí Bhainistíocht Riosca Tuilte, Seirbhísí Innealtóireachta, Seirbhísí Bhainistíocht Maoine, Seirbhísí Chothabháil Maoine agus Seirbhísí Soláthair.

I measc na ngnéithe sna córais atá i bhfeidhm faoi láthair in OOP, a bhí ina chabhair againn chun creidiúnú an ISO a bhaint amach, tá an aidhm ard-leibhéal sástachta a bhaint amach i measc na gcustaiméirí trí chaighdeán feabhsaithe seirbhíse a chur ar fáil atá tráthúil, taobh istigh den bhuiséad agus á mhonatóiriú ó thaobh caighdeán de. Dlúthchuid de na córais úd is ea aiseolas sistéamach, tráthrialta ó na custaiméirí le linn saolré tionscadal nó soláthar seirbhísí

Rudaí a dhéanaimid agus a leanfaimid orainn ag déanamh:

- Aiseolas foirmiúil a lorg ó na cliaint nuair a chríochnaítear tionscadail ailtireachta agus leas a bhaint as an aiseolas chun seirbhísí do na cliaint a fheabhsú sa réimse sin;
- Cruinnithe ráithiúla a ghairm le cliaint chothabháil maoine chun na cláir oibre, atá ar lámha, a athbhreithniú. Suirbhéanna neamhfhoirmiúla a dhéanamh go rialta ar bhonn réigiúnach;
- Cruinnithe rialta aiseolais le cliant Ranna a ghairm chun dul chun cinn na hoibre a phlé leo agus chun tosaíochtaí, atá ag éirí aníos, a aithint agus chun aiseolas foirmiúil an chliant a lorg arna críochnú do gach tionscadal. Úsáidtear an t-aiseolas seo chun seirbhísí do chliant a fheabhsú san am atá le teacht;
- Suirbhéanna ar chustaiméirí a dhéanamh ag ionaid oidhreachta ar fud na tíre mar áis phleanála agus chun seachadadh seirbhísí ag na hionaid seo a fheabhsú sa toadhchaid;
- Cinntimid go ndéanann Seirbhísí Innealtóireachta suirbhéanna ar úinéirí talaimh chun leibhéal na sástachta sa réimse sin seirbhíse a mheas;
- Déantar monatóireacht orainn go bliantúil le cinntiú go sroichte agus go gcloítear leis na caighdeán seirbhíse a bhfuiltear ag súil leo ón Oifig;
- Suirbhéanna inmheánacha a dhéanamh chun an leibhéal sástachta i measc ár gcustaiméirí inmheánacha lenár seirbhísí tacaíochta a mheas.

9. Choice

OPW is committed to providing a wider range of options to its customers. In terms of new technology, we are investing significantly to ensure maximum choice for those who need to deal with us.

We will:

- Through our e-strategy, aim to improve the range of options for customers, suppliers, staff and other stakeholders through the continued development and application of these technologies in the areas in which we operate. For example: e-procurement, e-tendering;
- Further enhance the quality of this Office's websites and update and broaden their content;
- Operate a voicemail service outside of normal office hours;
- In terms of offering choice through our physical presence, continue to use our Local Offices structure to deliver services to our Customers. Our offices are spread throughout Ireland to enhance local contact points (Appendix 1);
- Continue to provide a range of information/interpretative leaflets at our Heritage sites in English, in Irish and in continental European and world languages, where appropriate;
- Develop and improve our Flood Hazard Mapping Website which provides information to our customers, about the location of known flood events in Ireland.

10. Official Languages Equality

We are committed to improving the level of services available through Irish. In this regard we have introduced measures in support of compliance with the Official Languages Act, 2003 and the OPW's Irish Language Scheme prepared on foot of that Act.

We have

- Produced in Irish, our main publications for customers in relation to our Visitor and Heritage Centres, and as booklets come up for republication they are provided in Irish if not already available;
- Produced bilingually, all major corporate publications such as Annual Reports, Strategy

9. Rogha

Tá OOP tiomanta do raon níos leithne roghanna a chur ar fáil dá custaiméirí. Tá infheistíocht shuntasach á déanamh againn i nua-theicneolaíocht chun an raon roghanna is leithne ar féidir a chur ar fáil dóibhsean gur gá leo plé linn.

Rudaí a dhéanfaimid:

- Trínár ríomhstraitéis, feabhsóimid raon na roghanna dár gcustaiméirí, dár soláthraithe, dár bhfoireann agus do gheallsealbhóirí eile trí na teicneolaíochtaí seo a fhorbairt agus a fheidhmiú sna réimsí úd lena bpléimid. Mar shampla ríomhsholáthar, ríomhthairiscintí;
- Feabhsóimid caighdeán shuímh gréasáin na hOifige agus nuashonróimid agus leathnóimid a bhfuil iontu;
- Oibreoidimid seirbhís ghlórphoist taobh amuigh de ghnáth-uaireanta oifige;
- Maidir le rogha a chur ar fáil trínár láithreachtaí fhisiceach, leanfaimid de bheith ag úsáid struchtúr ár nOifigí Áitiúla chun seirbhísí a chur ar fáil dár gCustaiméirí. Tá ár n-oifigí leata ar fud Éireann chun cur le pointí teagmhála áitiúla (féach Aguisín 1);
- Leanfaimid de bheith ag soláthar raon de bhileoga eolais/léirithe ag ár n-ionaid Oidhreachta i mBéarla, i nGaeilge, i dteangacha mór-roinneacha Eorpacha agus i dteangacha domhanda, mar is cuí;
- Forbróimid agus feabhsóimid ár Suíomh Gréasáin um Léarscáiliú Ghuaiseacha Tuilte a sholáthraíonn eolas dár gcustaiméirí faoi theagmhais tuilte, a bhfuil eolas againn orthu, in Éirinn.

10. Comhionannas do Theangacha Oifigiúla

Táimid tiomanta do leibhéal na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge, a fheabhsú. Chuige sin, tá céimeanna glactha againn chun tacú le comhlíonadh Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus Scéim Gaeilge OOP, a réitíodh mar thoradh ar an Acht sin.

Rudaí a rinneamar:

- Tá ár bpríomh-fhoilseacháin do chustaiméirí, a bhaineann lenár nIonaid Chuariteoirí agus Oidhreachta, curtha ar fáil againn i nGaeilge, agus, de réir mar is gá leabhráin a athfhoilsiú, cuirfimid ar fáil iad i nGaeilge mura bhfuil siad ar fáil cheana féin;
- Tá na mór-fhoilseacháin chorpóraideacha uile, dála

Implementing the 12 principles of quality customer service Feidhmiú an 12 prionsabal de sheirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí

Statements etc.;

- Arrangements in place to deliver a portion of Press Releases in Irish;
- Compiled a list of accredited translators and identified staff capable of conversing in Irish;
- Arrangements in place to ensure that static information on websites is provided bilingually as websites are redesigned.

We will

- Make every effort to accommodate customers who telephone or visit the OPW and who wish to conduct their business in Irish;
- Continue to increase the amount of Irish Language publications in the Heritage Services area;
- Revisit and Prepare an up to date Irish Language Scheme for the OPW for 2010 to 2013.
- Continue to increase the Irish language content on our website;
- Monitor and update our list of translators;
- Ensure that any new computer systems will be capable of handling the Irish Language and that existing systems will be made compatible at the next planned maintenance or upgrade;
- Establish on an outsourced basis, a shared resource for use by staff who need practical assistance in translation and interpretation services;
- Encourage staff to attend Irish language training courses.

11. Better Co-ordination

In order to ensure as efficient a service as possible to our customers, this Office is committed to a policy of better co-ordination. For services involving more than one business unit of the OPW, or where liaison with other Departments or bodies is required, we will give priority to fast and effective exchange of information.

We will

- Continue to participate in various inter-departmental and internal networks;
- Examine our internal coordination procedures with a view to strengthening and streamlining our coordination capacities;

Tuarascálacha Bliantúla, Ráitis Straitéise etc. curtha ar fáil againn go dátheangach;

- Tá socruithe déanta chun cuid dár bPreaseisiúintí a chur ar fáil i nGaeilge;
- Tá liosta curtha le chéile d'aistritheoirí faoi shéala agus tá baill foirne, a bhfuil labhairt na Gaeilge acu, aitheanta;
- Tá socruithe idir lámha le cinntiú go mbeidh eolas seasta ar shuímh ghréasáin curtha ar fáil go dátheangach de réir mar a dhéantar na suíomhanna gréasáin a athdhearadh.

Rudaí a dhéanfaimid:

- Déanfaimid gach iarracht freastal ar chustaiméirí a chuireann glaonna teileafóin nó a thugann cuairt ar OOP agus ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge;
- Leanfaimid de bheith ag cur le líon na bhfoilseachán Gaeilge i réimse ár Seirbhísí Oidhreachta;
- Athbhreithneoidimid ár Scéim Ghaeilge agus ullmhóimid ceann suas-chun-dáta d'OOP don tréimhse 2010-2013.
- Leanfaimid de bheith ag cur leis an méid Gaeilge ar ár suíomh gréasáin;
- Déanfaimid monatóireacht ar agus nuashonróimid ár liosta aistritheoirí;
- Cinnteoidimid go mbeidh aon chóras nua ríomhaireachta a fhaighimid ábalta ar an nGaeilge a láimhseáil agus go ndéanfar na córais reatha a dhéanamh comhoiriúnach an chéad uair eile a phleanálfar cothabháil nó uasghrádú;
- Bunóimid acmhainn chomhpháirteach, ar bhonn seachfhoinsithe, le húsáid ag baill foirne a mbíonn cúnaimh praiticiúil de dhíth orthu le seirbhísí aistriúcháin nó ateangaireachta;
- Spreagfaimid an fhoireann chun cúrsaí oiliúna Gaeilge a dhéanamh.

11. Comhordú Feabhsaithe

Chun go gcuirfí seirbhís chomh héifeachtach agus is féidir ar fáil dár gcustaiméirí, tá an Oifig seo tiomanta do pholasaí a fheabhsóidh comhordú. I gcás seirbhísí a bhaineann le níos mó ná aonad gnó amháin d'OOP, nó nuair a bhíonn gá le hidirchaidreamh le Ranna nó comhlachtaí eile, tugaimid tosaíocht do mhalartú gasta agus éifeachtach eolais.

Implementing the 12 principles of quality customer service

Feidhmiú an 12 prionsabal de sheirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí

- Participate in forthcoming projects under the eGovernment banner;
- Continue to ensure all websites within OPW are interlinked for customers' convenience.
- Continue to improve transfer of information and resources throughout the organisation by further development and enhancement of the OPW's internal website, the Intranet.
- Build on the success of existing cross business function working and extend and expand cross-functional, cross-reporting and cross-discipline methods of operation throughout the organisation

12. Internal Customer

The OPW's principal asset in the delivery of quality service is the professionalism and expertise of its staff across a very wide skills spectrum. Our staff in the OPW are crucial to ensuring that the office continues as a delivery focused and forward thinking organisation that meets the needs of our customers on a day to day basis and that can adapt quickly to changes in our environment. It is essential that staff be trained to the highest levels and that they are familiar with best practice in areas related to the OPW's core functions.

We have

